



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

TIIV
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Scéim Deontais BIÉ de chuid Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI) um Bonneagar Athluchtaithe Feithiclí Leictreacha do Bhóithre Náisiúnta le haghaidh Feithiclí Saothair Éadroim (LDV) - Céim 3

An Gréasán Bóithre Náisiúnta – Príomhbhóithre
agus bóithre den dara grád (neamh TEN-T)



Cén cuspóir atá leis an Scéim deontais?

Féachtar sa Scéim chun tacú le soláthróirí agus oibreoirí Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha (EVCI), trí dhreasachtaí airgeadais a chur ar fáil (trí chistiú deontais) chun bonneagar luchtaithe ardchumhachta a shuiteáil agus a oibriú, d'fhonn spriocanna Náisiúnta agus Eorpacha EVCI a chomhlíonadh, agus go deimhin iad a shárú. Is é príomhchuspóir na Scéime tacú le comhthiomsuithe athluchtaithe EVCI de chumhacht 100kW a shuiteáil d'fhad uasta 30km eatarthu, feadh príomhbhóithre agus bóithre den dara grád de Ghréasán Bóithre Náisiúnta na hÉireann atá lasmuigh den Líonra TEN-T.



Próiseas Iarratais

CÉIM 1 – IARRATAS

1.0

Comhlánaíonn na hiarratasóirí foirm iarratais simplí ar líne ina gcuirtear ceisteanna maidir leo seo a leanas:

- Mionsonraí tionscadail
- Íoscheanglais
- Cistiú de minimis roimhe seo*
- Foras eisiaimh
- Costas togra (Costais iarrtha de réir an kW den Tiomsú Athluchtaithe)


CÉIM 2: MEASÚNÚ

2.0

Déantar measúnú ar iarratasóirí maidir leo seo a leanas:

- Na híoscheanglais a chomhlíonadh
- Costas tograí (Costais iarrtha de réir an kW den Tiomsú Athluchtaithe)
- Inbhuanaitheacht – gaireacht le bóithre roghnaithe laistigh de na Criosanna

DÁMHACHTAIN AR IARRATASÓIRÍ RATHÚLA



— Céim 3

— Céim 1

— Céim 2

— Céim 1, Babhta 2

Déanfar iarratasóirí a scóráil, agus dámhfar in ord an tairiscint chomhlíontach leis an scór is airde. Ní féidir le hiarratasóirí rathúla a bheith suite laistigh d'achar 15km ó aighneacht le rangú níos airde, atá aitheanta cheana féin do dhámhachtain laistigh den Chrios.

Bóithre Ábhartha* don tríú Scéim deontais don bhonneagar athluchtaithe.

*Tabhair faoi deara: Tá sainmhíniú iomlán ar mhéid bhóithre na Scéime ar fáil sa doiciméadacht den Chuireadh chun Tairisceana ar e-Tenders.ie.

Tá feidhm le téarmaí agus coinníollacha agus tá siad mionsonraithe i ndoiciméadacht na Scéime

Cad a mheastar a bheith ina gCostais Incháilithe?

Ciallaíonn Costais Incháilithe costas tógála, suiteála, uasghrádaithe, nó le síneadh an Bhonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreacha (EVCI), is é sin:

- Costais an bhonneagair athluchtaithe ardchumhachta agus trealamh teicniúil gaolmhar, lena n-áireofaí ceallraí;
- Costais na suiteála, nó uasghráduithe ar chomhpháirteanna leictreacha agus eile (lena n-áirítear cáblaí leictreacha agus claochladáin chumhachta) is gá leis an EVCI a cheangal leis an eangach;
- Na costais a bhaineann le hoibreacha innealtóireachta sibhialta, oiriúnuithe talún nó bóithre a bhaineann le suiteáil, uasghrádú, nó síneadh leis an EVCI;
- Na costais a tabhaíodh i ndáil le haon toiliú riachtanach forbartha a fháil
- Costais scéime a bhaineann le hoibreacha EVCI; agus
- Costais suiteála EVCI.

Déanfar an Scéim seo a riaradh de réir mhaoiniú de minimis. Ba cheart gur feasach d'iarratasóirí nach bhféadfaidh gnóthas aonair níos lú ná 70% a fháil dá gcostais incháilithe iarrtha nó, €300,000, cibé acu is ísle.*

* Nóta: Reáchtáladh Scéim Deontais BIÉ de chuid Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI) um Bonneagar Athluchtaithe Feithiclí Leictreacha do Bhóithre Náisiúnta le haghaidh Feithiclí Saothair Éadroim (LDV) – Céim 2 roimhe seo ar bhonn De Minimis, mar caithfear aon chistí a dhámhfar tríd an scéim sin a chur san áireamh san iarratas seo. Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas maidir lena stádas dámhachtana ó Chéim 2 sula gcuirfear deireadh le Céim 3.

Cén áit ar féidir na suíomhanna a lonnú?

- Ní mór do shuíomhanna atá inrochtana don phobal, ag a bhfuil seirbhísí ar fáil, a bheith laistigh de 3km d'achar tiomána ó bhóthar an chreasa Scéime;
- Roinntear na bóithre roghnaithe Scéime in 36 chrios; agus
- Ní dhéanfar aighneachtaí a mheasúnú in aghaidh aighneachtaí eile ach sa chrios céanna amháin.

Cén chaoi a ndéanfaidh mé iarratas?

Tá na sonraí uilig maidir leis an gCuireadh Chun Iarratas a Dhéanamh agus maidir le próiseas an chomórtais ar fáil ar shuíomh gréasáin do ríomhthairiscintí www.etenders.gov.ie Ní mór iarratais a chur isteach trí fhoirm ar líne.

